



An Bhruiséil, 12 Nollaig 2017
(OR. en)

15587/17

COVEME 9

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 12 Nollaig 2017

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 15183/17 COVEME 8
roimhe seo:

Uimh. an doic. ón 14408/17 + ADD 1, 14412/17 + ADD 1
gCoim.:

Ábhar: Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Sásra Comhair agus Fíorúcháin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Sásra Comhair agus Fíorúcháin mar a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) iad ar an 12 Nollaig 2017.

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Sásra Comhair agus Fíorúcháin

1. Agus a conclúidí roimhe seo á n-athdhearbhú aici, fáiltíonn an Chomhairle roimh na tuarascálacha ón gCoimisiún maidir leis an dul chun cinn a rinneadh sa Bhulgáir agus sa Rómáin faoin sásra comhair agus fíorúcháin. Sa chomhthéacs sin, is mór ag an gComhairle an dea-chomhar leanúnach ón mBulgáir agus ón Rómáin leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit eile faoin sásra. Molann an Chomhairle an Coimisiún as a chuid oibre, i ndáil leis an modheolaíocht a leanadh agus aontaíonn sí go hiomlán leis an gcuispóir agus leis an anailís chothrom oibiachtúil ar an dul chun cinn atá déanta i ndáil leis an moltaí a chur i bhfeidhm.
2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go gcloíonn sí le luachanna agus le prionsabail an Aontais, lena n-áirítear an smacht reachta agus neamhspleáchas na mbreithiúna. Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn sí gur gá go mbeadh aon dul chun cinn a dhéanfar do-athraithe, le go gcomhlíonfaidh sé go sásúil na tagarmharcanna faoi seach agus le go sásóidh sé bunchuspóirí an tsásra, le háirithiú gur féidir le gach saoránach tairbhe iomlán a bhaint as na deiseanna a thugtar le ballraíocht san Aontas. Is iad na rudaí is tábhachtaí go fóill go mbeidh cuntais téagartha teiste againn agus tacaíocht leathan, leanúnach agus doshéanta pholaitiúil d'athchóirithe agus do chur chun feidhme éifeachtach na bpríomh-mholtaí.
3. Leanann an Chomhairle den Bhulgáir agus den Rómáin a spreagadh chun na príomh-mholtaí a sainíodh sna tuarascálacha ón gCoimisiún a chomhlíonadh, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí tagarmharcanna aonair a dhúnadh ar bhonn sealadach, seachas dá dtarlódh nithe sna tíortha lena mbainfí go mór den dul chun cinn atá á dhéanamh ná lena gceisteofaí an dul chun cinn sin. Ag meabhrú dtí go mbeidh luas an phróisis ag brath go hiomlán ar an dul chun cinn a dhéanfaidh an Bhulgáir agus an Rómáin, tugann an Chomhairle dá haire go bhféadfaí ballchríoch a chur ar an sásra ar deireadh ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaí na tagarmharcanna uile ar bhealach do-athraitheach agus inbhuanaithe go luath.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle na céimeanna suntasacha dearfacha a ghlac údaráis na Bulgáire sa tréimhse tuairiscithe agus an tiomantas a léirigh an rialtas i ndáil leis an gcóras athchóirithe a chur ar an mbóthar ceart arís. Tá neart oibre fós le déanamh agus níos mór dlús breise a chur leis an dul chun cinn foriomlán mar ábhar práinne. Ag tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh le déanaí, spreagann an Chomhairle an Bhulgáir leanúint ar aghaidh ag dul chun cinn go seoigh agus aghaidh a thabhairt, tríd is tríd, ar na moltaí a leag an Coimisiún amach. Sa chomhthéacs sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh timpeallacht ann ina mbeadh iontaoibh fhrithpháirteach agus dlúthchomhar cuiditheach idir na hinstitiúidí, chomh maith le próisis reachtacha cuimsitheacha a bheadh ag brath ar phrionsabail rialála níos fearr, chun athchóirithe do-athraitheacha, inchreidte a chur chun feidhme go rathúil.
5. Is mór ag an gComhairle gur toghadh Ardchomhairle Bhreithiúnach (SJC) nua le déanaí, agus tá sí ag súil le léiriú ar a neamhspleáchas agus ar a hionracas trí chuntas teiste de chinnteoireacht neamhchlaonta agus phroifisiúnta a bhunú i bpríomhréimsí, go háirithe i dtaca le ceapacháin trédhearcacha agus tuillte chuig poist ardleibhéil bhreithiúnacha. Is mór an dúshlán go fóill iad na míchothromaíochtaí idir na cúirteanna san ualach oibre agus beidh ar an Ardchomhairle Bhreithiúnach aghaidh a thabhairt orthu. Cuireann an Chomhairle i bhfios go bhfuil sé fós den ríthábhacht leanúint leis an athchóiriú ar na breithiúna d'fhonn feabhas níos mó a chur ar phroifisiúntacht, cuntasaíocht agus éifeachtúlacht, i gcomhréir leis na moltaí ón gCoimisiún agus ó Choimisiún na Veinése. Chuige sin, tugann an Chomhairle dá haire gur cheart, inter alia, na moltaí maidir le hathruithe móra ar na dlíthe coiriúla a dhéanamh ar bhonn trédhearcach, i ndiaidh díospóireacht phoiblí agus i ndiaidh dul i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta. Tá na céimeanna sin ríthábhachtach ar mhaithe le hinbhuanaitheacht agus do-athraitheacht na n-athchóirithe a áirithiú.
6. Príomhthosaíocht don Bhulgáir go fóill is ea an comhrac i gcoinne an éillithe, go háirithe an t-éilliú ar ardleibhéal, agus bunús a thabhairt don chomhrac sin trí chuntas téagartha teiste. Tá an Chomhairle ag súil le creat dlíthiúil nua a ghlacadh don chomhrac i gcoinne an éillithe a bheith mar thosaíocht, lena n-áirítear údarás éifeachtach frith-éillithe a bhunú a luaithe agus is féidir. Tugann an Chomhairle dá haire, go mbeidh sé riachtanach, d'fhonn muinín leathan na sochaí i gcoitinne agus na n-oifigeach poiblí a thuilleamh, ceannaireacht an údaráis nua fhrith-éillithe a cheapadh ar bhealach oscailte, trédhearcach. Bheadh orthu siúd a cheapfar an neamhspleáchas, an tsláine agus an ghairmiúlacht is gá a léiriú chun go bhféadfaidh an pobal muinín a bheith acu astu agus chun torthaí éifeachtacha a bhaint amach. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin gur glacadh roinnt leasuithe le déanaí ar an dlí maidir leis an riarachán poiblí, go háirithe cinn a bhí dírithe ar ról na gcigireachtaí inmheánacha a neartú, agus iarrann sí go gcuirfear chun feidhme go pras iad i dtéarmaí nithiúla eagraíochtúla.

7. Caithfidh an Bhulgáir cuntas teiste a bhunú fós, ar cuntas é ar chinntí deiridh cúirte maidir le ciontuithe, agus maidir le forghníomhú na gcinntí sin, i réimse an fhrith-éillithe, agus i ndáil le cásanna ardleibhéil éillithe freisin. Ní mór don Bhulgáir, freisin, sásra éifeachtach a bhunú don tuairisciú poiblí ar dhul chun cinn (imscrúduithe, díoltálacha, ciontuithe, agus forfheidhmiú) i gcásanna ardleibhéil atá san fhearann poiblí cheana féin. Tá gá freisin le bearta breise chun feabhas a chur ar an gcosc agus chun dul i ngleic leis an éilliú ar an leibhéal áitiúil, lena n-áirítear i réimse an tsoláthair phoiblí. Maidir leis an gcoireacht eagraithe a chomhrac, ba cheart don Bhulgáir a áirithiú go ndéanfar, leis na hathruithe eagraíochtúla agus reachtacha a rinneadh le déanaí, go háirithe an dlínse, ar chásanna maidir le héilliú, a mbaineann ardoifigh leo, a aistriú chuig an Chúirt Speisialaithe don Choireacht Eagraithe, go ndéanfar an cuntas teiste comhleanúnach a bhainfear amach a neartú agus a chomhdhlúthú. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur cheart, leis na hathruithe a dhéanfar amach anseo ar an gcreat dlíthiúil, an dul chun cinn atá déanta cheana sa réimse seo, agus inniúlachtaí na n-institiúidí leanúint den treocht dhearfach atá ann faoi láthair, a chomhdhlúthú.
8. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil roinnt céimeanna dearfacha tugtha ag an Rómáin i rith thréimhse an tuairiscithe, amhail theacht i bhfeidhm chóras PREVENT agus amhail an Ghníomhaireacht Náisiúnta Bainistithe Sócmhainní Urghafa (ANABI) a bheith lánfheidhmiúil. Tá a ról, chun neamhspleáchas agus clú giúistísí a chosaint, á chomhlíonadh ag an Uaschomhairle nua Giúistíseachta. Mar sin féin, sa tuarascáil ón gCoimisiún, cuirtear béim freisin ar roinnt údar imní maidir le do-athraitheacht agus inbhuanaitheacht na n-athchóirithe. Caithfear aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin, ar bhealach deimhneach lena gcothófar muinín, chun an chonair a réiteach le go dtabharfar an sásra chun críche go luath amach anseo.
9. Leanann an Chomhairle, i gcónaí, den Rómáin a spreagadh an móiminteam a athnuachan maidir leis na hathchóirithe, go háirithe na hathchóirithe sin a bhaineann le neamhspleáchas na mbreithiúna, leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe ar gach leibhéal agus le saincheisteanna eile sláine a dtarraingítear aird orthu sa tuarascáil. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé go mbeadh tiomantas polaitiúil, institiúideach ann atá neamhbhalbh, marthanach agus a bhfuil bonn leathan faoi, chun na cuspoirí a leagtar amach de réir na meicníochta a bhaint amach. Chun dul chun cinn inbhuanaithe a áirithiú, tá comhdhearcahd polaitiúil chun neamhspleáchas na mbreithiúna a urramú fíor-riachtanach i gcónaí. Agus aird á tabhairt aici ar imeachtaí a tharla le déanaí agus ar an dul chun cinn suntasach a baineadh amach thar na blianta, iarrann an Chomhairle ar an Rómáin a hiarrachtaí a dhíriú ar an dul chun cinn a rinneadh a chomhdhlúthú tuilleadh, gan aon chéim ar gcúl a thabhairt, agus aghaidh a thabhairt go hiomlán ar na húdair imní agus na moltaí uile a leag an Coimisiún amach sa tuarascáil uaidh.

10. D'fhoill tuilleadh neamhspleáchais bhreithiúnaigh a áirithiú, is gá don Rómáin, tar éis dul i gcomhairle le Coimisiún na Veinése, córas láidir neamhspleách, agus é bunaithe ar an bhfiúntas, a bhunú chun ionchúisitheoirí ardleibhéil a cheapadh, lena ngabhfaidh dóthain ráthaíochtaí i gcoinne an pholaitithe. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir a thábhachtaí atá sé go ndéanfar na Cóid Iompair, a glacadh le déanaí, a chur chun feidhme i gcás parlaiminteoirí agus airí. Ba cheart bailchríoch a chur ar na hathchóirithe breithiúnacha, go sonrach maidir leis na cóid shibhialta agus choiriúla, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le hintuarthacht, trédhearcacht iomlán agus comhairliúcháin chuimsitheacha mar a leagtar amach sa tuarascáil ón gCoimisiún. Ba cheart do gach institiúid agus cúirt chéime cinntí cúirte, lena n-áirítear cinntí lena ndeimhnítear rialuithe sláine, a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme gan mhoill. Is gá an creat dlí le haghaidh sláine a neartú agus a chomhdhlúthú chun an inbhuanaitheacht a áirithiú.

Ní mór don Rómáin leanúint dá hiarrachtaí agus de dhlús a chur leis na hiarrachtaí sin chun an t-éilliú a chomhrac agus a chosc. Ba cheart gur príomhthosaíocht i gcónaí é aghaidh a thabhairt ar an éilliú ar bhealach éifeachtach agus athchomhairleach ar gach leibhéal agus laistigh de gach institiúid. Na cuntais fhiúntacha teiste atá ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta Frith-Éillithe (DNA) agus ag an Ard-Chúirt um Achomhairc agus um Cheartas (HCCJ), ba cheart iad a choimirciú. Is tosaíocht thábhachtach i gcónaí é go ndéanfar critéir oibiachtúla a ghlacadh chun cinneadh a dhéanamh agus a mhíniú i ndáil le deireadh a chur le díolúine Feisirí Parlaiminte nó airí. Ag an am céanna, caithfear níos mó a dhéanamh chun an t-éilliú a chosc go foriomlán, rud ba cheart a bheith mar phríomhthosaíocht agus mar chroí-oibleagáid ag an riarachán poiblí ar gach leibhéal. I gcomhthéacs chur chun feidhme na Straitéise nua Frith-Éillithe (NAS), is faoi údarais na Rómáine atá sé anois, ar gach leibhéal, tacaíocht pholaitiúil láidir shofheicthe a léiriú chun an t-éilliú a chosc. Ba cheart tuilleadh beart riachtanach a dhéanamh chun tacú go hiomlán le cur chun feidhme na Straitéise Frith-Éillithe (NAS).

11. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an Sásra Comhair agus Fíorúcháin fíorthábhachtach don dul chun cinn i gcónaí. Is uirlis iomchuí é i gcónaí chun tacú leis an mBulgáir agus leis an Rómáin ina n-iarrachtaí athchóirithe faoi seach, chun go mbainfidh gach aon cheann díobh cuntas teiste de thorthaí nithiúla, marthanacha amach, mar atá riachtanach chun cuspóirí an tSásra a chomhlíonadh. Tá an Chomhairle sásta i gcónaí tacú le hiarrachtaí na Rómáine agus na Bulgáire i ndáil leis sin trí chúnamh an Aontais Eorpaigh agus trí chúnamh déthaobhach. Go dtí go bhfaighfear na torthaí riachtanacha ón dá Bhallstát sa chreat seo, le tacaíocht ón gComhairle, leanfaidh an Sásra de bheith i bhfeidhm. Go dtí an tráth sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún leanúint den tuairisciú agus tá sí ag súil leis na chéad tuarascálacha eile maidir leis an mBulgáir agus an Rómáin, tuarascálacha a mheastar a bheidh ar fáil agus muid ag druidim le deireadh na bliana 2018. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil sé de rún ag an gCoimisiún leanúint de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar chúrsaí sa Bhulgáir agus sa Rómáin agus an Chomhairle a choinneáil ar an eolas go rialta.
-